

CEADANNA PÁIRCEÁLA DO CHÓNAITHEOIRÍ/CHUAIRTEOIRÍ

Tá Cruthúnas Cónaithe ag taisteal

Iarrtar ort dhá chruthúnas cónaithe a sholáthar (a bhfuil dáta air laistigh de trí mhí anuas) a d'fhéadfadh a bheith:

- dhá chruthúnas ó Chatagóir A a bhaineann le dhá chuntas ar leith nó
- cruthúnas amháin ó Chatagóir A agus cruthúnas amháin ó Chatagóir B

Ní dhéanfar iarratais a phríoiseáil gan na doiciméid atá liostaithe thuas a bheith curtha ar fáil ag am an iarratais. Ba cheart go mbainfeadh gach doiciméad le do chuntas pearsanta, ba cheart nach mbainfeadh siad le cuntas tráchtála.

Catagóir A (Príomh-Chruthúnas Cónaithe)

- Ráiteas Airgeadais (ón mBanc, Comhar Creidmheasa nó Comhlacht Cárta Creidmheasa) **TABHAIR FAOI DEARA LE DO THOIL, NÍ GHLACAIMID LE REVOLUT NÓ RÁITIS N26**
- Bille Fónas Socraithe
- Comhaontú Léasa nuair a eisítear é don tionónta den chéad uair (an duine a dhéanann an t-iarratas ar chead páirceála). Chomh maith leis sin, caithfidh an léas a bheith bailí ar feadh 6 mhí, sínithe ag an Tiarna Talún agus ag an Tionónta araon. (Ní ghlacfar le comhaontuithe léasa leasaithe, nuashonraithe gan síniú).
- Ceadúnas Teilifíse (nach bhfuil fógra athnuachana)

Catagóir B (Dara Cruthúnas Cónaithe)

- Bille Fón Póca
- Litir maidir le Nasc ón ESB
- Litir a dheimhníonn socrú Dochair Díreach ó Chuideachta Fónas nó Litir Fáilte ó Chuideachta Fónas nach bhfuil tréimhse shuaimhnithe ann
- Litir ó Chuideachta Fónas ag rá go bhfuil cuntas ag an gcustaiméir leo
- Bille maidir le Seirbhís Chúram Choire ó Bord Gais
- Litir ó chuideachta Teileachumarsáide maidir le seirbhísí Bogadh Tí
- Litir a bhaineann le 'Sky Viewing Card'
- Litir a bhaineann le cuntas Pinergy
- Litir a bhaineann le hÁrachas Tí nó leis an Sceideal
- Litir a bhaineann le Cáin Mhaoine Áitiúil
- Litir ón mBord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha (ní féidir comhaontú léasa a sholáthar léi)
- Litir Athnuachan Mótarchánach (ní mór don díosca a bheith ceangailte léi)

- Litir ón gComhlacht Mótárachais/Bróicéir eisithe maidir le polasaí árachais reatha agus admháil don íocaíocht san áireamh. Ní ghlacfar le litreacha athnuachana, luachana árachais ná litreacha cealaithe
- Litir ón NCT nó ón NDLS
- Teastas Ceadúnaithe Feithicle
- Litir aonuaire ó Institiúid Airgeadais e.g. litir a ghabhann le d'fhógra do Chárta Banc, Stoic agus Díbhinní
- Litir ó Institiúid Airgeadais nach mbaineann go díreach le cuntas áirithe m.sh. athrú ar rátaí úis
- Litir dheimhnithe maidir le bunaithe cuntais leis an mBanc/Comhar Creidmheasa
- Litir ón mBanc/Comhar Creidmheasa ag dearbhú athrú seoladh
- Litir ó Revenue
- Litir a bhaineann le hÁrachas Saoil
- Litir a bhaineann le Pinsean/AVC
- Duillín Pá a seoladh chugat
- Litir ó roinn rialtais nó comhlacht poiblí, ní mór don litir a bheith bainteach le duine aonair, ní ceadmhach di a bheith bainteach le heintiteas tráchtála.
- Litir a bhaineann le Cárta Seirbhíse Poiblí
- Litir a bhaineann le hÁrachas Sláinte
- Litir ón FSS
- Litir maidir le coinne, atreorú nó admháil ó dhochtúir ar pháipéar ceanteidil.
- Admháil Oideas Chógaiseora
- Litir ó dlíodóir ag dearbhú go bhfuil cónaí ort ag an seoladh
- Aon chomhfhreagrais ó Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (doiciméid phearsanta amháin)
- Má tá **athrú seolta** á chomhlánú agat ar do cheadúnas, i gCatagóir B glacfaimid le bille Gáis/Leictreachais chuig do sheoladh nua a bhaineann le do bhille deireanach ag do sheaseoladh.

Féadfar go n-iarrfaí ar cruthúnais bhreise cónaithe ag brath ar an iarratas a chuirtear isteach. Cinntigh le do thoil go ndéanann tú tagairt don fhoirm iarratais lena chinntiú go gcuirtear na doiciméid riachtanacha go léir isteach.